Tá tacar luachanna leagtha againn a bhfuil seilbh againn ar fad orthu agus a léiríonn muid go seasta. Baintear sin amach tríd an gcaoi a gcaitheann muid lena chéile taobh istigh agus taobh amuigh den eagraíocht.

**Cumarsáid**

Cuireann CG Chill Dara príomh-theachtairreachtaí na heagraíochta in iúl do dhaoine atá taobh amuigh den eagraíocht chomh maith leo síúd atá taobh istigh. Tá an teachtairreachta sin agus an chaoi a gcuirtear sin i láthair mar chuid ríthábhachtach den phlean.






# Spríocanna, Aidhmeanna & Stratéisíeacha & Gníomhaíochtaí

**Spríocanna agus Aidhmeanna**  
I gcur le chéile Phlean Stratéisíeach Choiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara baineadh úsáid as samhail McKinsey 7S agus plean cumarsáide mar thaca leis sin.

Tugann an 7S faoin bplean ar an gcuma seo:

1. Stratéisí
2. Struchtúr
3. Córals
4. Foiréann
5. Scileanna
6. Scíl
7. Luachanna Roinnte & (Cumarsáid)



**An chéad S** - clúdáilonn sin an stratéisí oideachais a bhfuiltear ag glacadh leis chun dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn as seo go ceann 5 bhliana.

**Na cheithre S eile** - baineann siad sin leis an gcaoi a dtacoídh an eagraíocht leis an stratéisí oideachais a chur i gcrích.

**An dá S dheireanacha** - baineann siad sin leis an gcultúr, leis an iompar agus leis na modhanna oibre a chreideann muid a bheith riachtanach ionas go mbainfidh muid caighdeán ardheithmíochta agus barreabhais amach.

Ní mór stratéisí chumarsáide a bheith i réim chomh maith chun tacú leis na nithe thuas.

### Comhdhéanamh Aicme Shóisialta

Le fiche bliain tá athraithe mór feicthe in Éirinn maidir le aicmi sóisialta agus is cosúil gaoil a bheith idir sin agus gnóthachteil oideachasúil, mar go bhfuil laghdú tagtha ar an líon daoine neamhoilte agus leathoilte agus arda leanúnach ar líon na ngairmithe. Ag leibhéal stáit, tháinig méadú ar líon na ndaoine gairmiúla sna haicmi ar fad ó 25.2% i 1991 go dtí 32.9% i 2006, faid agus tháinig laghdú ar líon na n-aicmi neamhoilte nó leathoilte ó 28.2% i 1991 go dtí 18.6% i 2006.


I gContae Chill Dara, leiríonn comhréir na ndaoine sna haicmi gairmiúla (35.5%) i 2006 agus an chomhréir sna haicmi is ísle scile (17.3%) go bhfuil bunstáiste mór ag an gcontae. Leiríonn sé seo go bhfuil daoine ag gluaisseacht i dtreo fostaithe i dtionscail ghairmiúla agus sheirbhíse. Tá a chruithúnas sin le fáil sa mhéid agus go bhfuil oifigi oscailte i gContae Chill Dara ag roinnt de na comhlachtaí is cáiliúla in Éirinn.


### Achoimre

Tá an t-athrú eacnamaíochta sa Stát fre chéile ar cheann de na príomhrudaí atá ag cur isteach ar CG Chontae Chill Dara, atá taobh le acmhainní teoranta nach mór do lánúsáid a bhaint astu. Tá sé i gceist ag an gCoiste freastal a dhéanamh ar gach aicme ina phobal agus é ag déanamh leagan amach ar an bhforbairt a thioctaidh air sa todhchathair. Cinnteoidh an Coiste go sásófar riachtanais gach aicme den phobal. Seo achoimre ar na dúshláin agus ar na deiseanna atá roimh an gCoiste:

- Meastar go dtiocfaidh méadú 25% ar dhaoine Chontae Chill Dara faoin mbliain 2016 agus méadú 36% faoin mbliain 2022 i gcomparáid le daonra 2006.
- Tá comhréir na hóige sa Chontae ar cheann de na cinn is airde sa Stát.
- Udar imní i gconat lucht luathfhágála scoile.
- Tá an leibhéal difhostaithe ag dul i méid sa Stát agus sa Chontae.
- Fágann líon na ndaoine atá ag bogadh isteach sa chontae, ina measc imirceigh neamh-Éireannacha, lucht siúil agus teaghlaigh aontuiste, go bhfuil gá le riachtanais fhoghlama ar leith.
- Ní mór deiseanna oideachais saincheaptha a chur ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumais coirp agus chadafacha.
- Caighdeáin sármhaitheasa acadúilachta a choinneáil sa tsuíl.
- Cloí le caighdeáin dhomhanda riaracháin agus freagrachta.

San am atá caithe, d'fhreagair CG Chontae Chill Dara go héifeachtach nuair a tharla athraithe i ngréasán sóisialta an chontae. Tá sé tábhachtach leanacht leis an dea-obair agus freagairt do na riachtanais laistigh den chontae agus iad ag athrú.





**Próifil Fostaíochta Dhaonra Chontae Chill Dara**  
 Tá sé tábhachtach súil a chaitheamh ar rátaí fostaíochta na hÉireann le blianta beaga ón Tíogar Ceilteach go dtí an cúlú a lean.

Mar chomhthéacs, ba é mhéan 157,000 líon na ndaoine a bhí difhostaithe in Éirinn sa bhliain 2006. 1 Meitheamh na bliana 2010 bhí 450,000 difhostaithe. Tá an treocht náisiúnta seo le brath freisin i bhfigiúirí Chontae Chill Dara agus dá bharr sin leanfaidh Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara ar aghaidh ag tabhairt faoi fhadhb na difhostaíochta de réir a chéile agus go comhordaítheach.

Tá tabhacht le hinscne agus le haois nuair atá scrúdú á dhéanamh ar chúrsaí difhostaíochta sa tír fré chéile agus i gContae Chill Dara.

Deanfaidh CG Chontae Chill Dara monatóireacht ar fhiigiúirí difhostaíochta agus ar na hathraithe a bhaineann leo. Tá sé rithábhachtach measúnú a dhéanamh ar an deimeagrafaic a bhaineann leis na figiúirí sin agus ar na rannógai is mó atá faoi thionchar acu.

**Próifil Oideachais Dhaonra Chontae Chill Dara**

Tá feabhas leanúnach ag teach ar leibhéil oideachais dhaonra Chontae Chill Dara agus tugann sonraí daonáirimh le fios go bhfuil sé chun cinn ar fhormhór chontaethé eile na tíre.

**Tábla 1.4 Próifil Oideachais Chontae Chill Dara**

Daoine (> 15 bli) rangaithe de réir an leibhéil is airde oideachais a chríochnaigh siad	Cill Dara (%) 2002	2006	2002	Stat (%) 2006
Bunscoil (gan oideachas foirmeálta san áireamh)	17.1%	11.5%	22.2%	15.2%
Bun larbhunscóile	22.2%	16.3%	22.7%	16.9%
Ard larbhunscóile	32.3%	26.0%	29.1%	23.8%
Triú Leibhéal	28.4%	26.8%	26.0%	24.5%


Foinse an Phríomh-Oifig Staidrimh

# Aois, Oideachas agus Fostaíocht

## Aois, Oideachas agus Fostaíocht i gContae Chill Dara

Tá aois dhaonra an chontae rithábhachtach nuair atáthar ag tabhairt faoi ábhair agus ag cur polasáithe oideachais le chéile. Is socmhainn mhór í 'oige' dhaonra an chontae agus ba chóir sin a chosú dá réir. I gCairt 1.2, déantar léiriú ar an roinnt atá sna teascáin aoise ar leith.

**Cairt 1.2 : Próifíl Aoise i gContae Chill Dara (2006)**



Foinse an Phríomh-Oifig Staidrimh

Tá Contae Chill Dara chun cinn ar na céadtaín náisiúnta agus is díol éada an chomhréir idir óige, fostaíthe, iad síúd atá méanaosta agus seanóirí.

Tá an ghnáth dhifreail uirbigh-tuaithe le fail laistigh de Chill Dara ach is í Maigh Nuad atá an cóimheas aoise agus cleithiúnais is ísle (23.3%) agus áit a bhfuil sé níos airde de ghnáth i gceantair thuaithe. Eisceacht is ea Baile Ath Í Uirbeach, 34.4%.


## Contae Chill Dara ! gComhthéacs

Chun Plean Strateiseach a chur le chéile, tá sé ríachtanach measúnú a dhéanamh agus tuiscint a bheith ann ar na factóirí ar fad a bhfeadfadh tionchar a bheith acu ar an CG agus é ag iarraidh oideachas a chur ar fáil as seo go dtí 2016. Taobh istigh den Chontae ní bheidh aon athrú ar an scéal gur é próifíl Chontae Chill Dara ó thaobh na heacnamaíochta agus na déimeagrafaíochta an rud is mó a mbeidh tionchar aige ar an CG. Cuirfeadh sin san áireamh mar chuid den athbhreithniú agus úsáideadh é mar eolas agus na spríocanna oideachais á gcur le chéile.

### Próifíl Déimeagrafach Chontae Chill Dara

Tá an déimeagrafaic thar a bheith tábhachtach agus aon Phlean Strateiseach á ullmhú. Daonra 186,335 atá i gContae Chill Dara. Sin méadú 13.7% ar fhigiúir 2002. I lár na bliana 2011 a bheidh fáil ar na figiúirí is deireanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

Tá clonadh an daonra le feiceáil i bhFigiúr 2.



**Figiúr 2 : Athrú daonra i gContae Chill Dara 1986-2006**

Tá tugtha le fios go leanúnach ag meastacháin i dtuairim an daonra go mbeidh Contae Chill Dara ar cheann de na contae is mó sa tír a mbeidh méadú ag teacht ar a dhaonra. Tá sé sin fíor i gconal agus is iáirionad é Contae Chill Dara ina bhfuil méadú bríomhar, dinimiciúil ag teacht ar gach réimse ann.

## Aontas, Rannpháirtíocht agus Comhaontú an Phlean seo

Is í an phrionmhaidhm atá leis an bplean seo léarscáil a leagan amach a chinnteoidh go dtiocfaidh feabhas agus rath ar CG Chontae Chill Dara idir 2011 agus 2016. Tugadh tús áite d'áitheantas a thabhairt agus do thuiscint a bheith ann ar riachtanais na bpríomhpháirtíthe leasmhara agus cuirteadh béim faoi leith ar a gcuid tuairimí síúd a chur san áireamh. Ag gach céim den phlean, leanadh próiseas cuimsitheach, comhoibríoch maidir le páirtíthe leasmhara na heagraíochta.

Garspriocanna:

### Data

### Gníomhaíochtaí

Feabhra 2010 Grupa bunaithe chun Plean Stáitseach a chur ar fáil. Oifigigh sinsireach de chuid CG Chontae Chill Dara ainmnithe chun an próiseas a bhainistiú. Páirtíthe leasmhara ainmnithe chun cuidiú le ullmhú an phlean.

Márta 2010 Fáil ar an gcéad doiciméad tosaigh, a bhain le léargas ar sheirbhísí de chuid an CG a bhí ann cheana agus le leagan amach cúlra an phlean seo.

Aibreán 2010 Súl siar ar phlean 2006-2010 mar shliat tomhais ar an dul chun cinn. Le ceistneoir ar-líne agus le grúpaí fócais a déanadh an dul chun cinn seo. Cuirteadh an cheistneoir chuí na páirtíthe leasmhara ar fad.

Bealtaine 2010 Próiseas comhairleach leis na páirtíthe leasmhara chun a theacht ar na príomhréimsí fócais don Phlean Stáitseach 2011-2016.

Lúnasa 2010 Bunaithe ar an bpróiseas comhairleach ar fad, déanadh sainaitiú ar na haidhmeanna agus ar an straitéis oideachais a bhí le ceapadh.

M. Fómhair 2010 Ainlis Bhearna an phlean críochnaithe.

Samhain/ Nollaig 2010 Dréachtphlean críochnaithe.

Earrach 2011 Plean Oideachais críochnaithe.



# Ullmhú agus Modheolaíocht an Phlean

## An Próiseas a bhain le Forbairt an Phlean Oideachais seo

De réir an Achta Gairmoideachais (Leasú), 2001, ní foláir do gach Coiste Gairmoideachais pleanáil fad agus gearrthéarmach a chur i bhfeidhm i bhfoirm Pleananna Oideachais agus Oibre.

Go sonrach, maidir leis an bPlean Strateiseach, deirtear in Alt 30 den Acht:

“Ní foláir do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ...plean a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choiste Gairmoideachais ar a bhfuil sé mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin maidir leis an treimhse 5 bliana a leanfaidh ullmhú an phlean, nó don treimhse ama eile a ordóidh an tAire...”

Agus é ag comhlíonadh an Achta, bhí an PF freagrach as an bPlean Strateiseach seo a dhreachtadh, faoi threoir agus fhorbhréathnú CG Chontae Chill Dara. Mar atá éilithe san Acht, fritheadh ionchur don phlean ó réimse leathan de na príomh pháirtithe leasmhara le linn an phróiseis chumistheach chomhairliúcháin. An McKinsey 7S Model a thugtar ar an tsamhail a húsáideadh i bhforbairt an phlean. Cinntonn an tsamhail sin gur diríodh ar gach uile réimse den eagraíocht agus go mba phlean iomlán den eagraíocht a bhí mar thoradh ar an obair. Is é an plean seo an léarscail ar a dtaiséalóidh an eagraíocht sna 5 bliana amach romhainn.

Figiúr 1 : Samhail McKinsey 7S



## Seirbhísí Óige:

Tá fáil ar Chláiracha Oigheagmhála i dtíonad (Leim an Bradáin, Ath I agus Nás na Ríogh). Cuirtear siad sin réimse cúlraí tréanála ar fáil atá aitheanta ag Comhairle na gCathlúcháin Breisoidéachais agus Oiliúna (FETAC) mar mhalairt ar an oideachas príomhshrutha dara leibhéal.

## Infhéistíocht Chaipitíuil

Le linn an ama a bhain leis an bplean roimhe seo, rinne CG Chontae Chill Dara infhéistíocht mhór i gcúrsaí tógála. Tógadh dhá scoil nua - Colaiste Chnoc an Fhíobaire, an Nás agus Colaiste Pobail Bhaile Atha I.

Cuirtear go mór le Ard Scoil Ráth Iomgháin, Scoil Iarbhunoidéachais Mhaigh Nuad agus Iarbhunscóil Naomh Fhearnáin, An Chorrchoill. Críochnaíodh 27 tíonscnamh faoi scéim ina n-oidreacha samhraidh agus bhí mór-obair ar roinnt de na foirgnimh atá againn faoi láthair san áireamh ansin.


Le linn an achair sin freisin, déanadh mór-obair a bhaineann le coigilt fuinnimh in ocht gcinn de na scoileanna atá ag CG Cho. Chill Dara.

Tá suíomhanna faighte ag CG Cho. Chill Dara i mBaile Atha I, i Maigh Nuad, ar an Nás agus i gCill Droichid d'fhonn tuilleadh forbartha a dhéanamh. Tá pleananna faoi bhealach chun Campas Nua Oideachais a thógáil i Maigh Nuad. Tá sé i gceist tuilleadh forbartha maidir le Breisoidéachais Iphléascáithe a dhéanamh i mBaile Atha I agus i Maigh Nuad. Osclofar Pobalscoil nua i mBaile Chill Dara i mí na Samhna 2011. Cónascadh trí cinn de scoileanna a bhí sa bhaile a bheidh anseo. D'óibrigh muid féin agus ár gcomh-phátrún Deoise Chill Dara agus Leitghlinne as lámha a chéile i dtógáil na scoile sin.

Cuirtear an Coiste réimse seirbhísí eile ar fáil don óige freisin, mar shampla, eolas, tacaíocht mhaoiné, tréanál agus measúnú. Faoin Acht um Obair don Aos Óg, 2001, is é CG Chontae Chill Dara an Ghníomhaíocht Reachtúil ainmnithe do sholáthar agus do chomhordú a dhéanamh ar sheirbhísí don aos óg. Chuirge sin, aithníonn muid an obair a dhéanann Seirbhísí Óige Chill Dara agus daoine eile a oibríonn leis an óige.







## Seirbhísi a chuireann Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara ar fáil

Tá fáil ar an gcrí-thacar seirbhísi oideachais seo a leanas ó CG Chontae Chill Dara:

### **Pobalscoilleana Náisiúnta:**

Tá Pobalscoil Náisiúnta ag an gCoiste ar an Nás i gCampas Oideachais Chnoc an Phíobaire. Faoi phátrúnacht CG Chontae Chill Dara, d'oscail Pobalscoil Náisiúnta Chnoc an Phíobaire i Meán Fómhair 2010. Tá suíomh ceannaithe ar a dtógfar foirgneamh buan i Chnoc an Phíobaire. Éiteas uilleghabhálach atá i réim sa scoil maraon le meas ar gach creideamh, reiligiúnach nó neamhreiligiúnach.

Scoil comhoideachais is ea i; deanann sí freastal ar leanai de gach creideamh agus orthu siúd atá gan creideamh. Tá an curaclam bunaithe ar fáil do na daltaí agus tá tacaíocht ar fáil ó CG Chontae Chill Dara agus ó Chigirí na Roinne Oideachais.

Tá fáil ar chothú creidimh/reiligiúin le linn uaireanta scoile, ach tá sin ar fáil ag leanai atá de gach creideamh seachas a bheith ar fáil dóibh siúd atá de chreideamh ar leith. Scoil dhá shruth a bheidh inti ina mbeidh 16 rang príomhshrutha.

### **Oideachas Dara Leibhéal:**

Tá deich scoil dara leibhéal ag an gCoiste i Maigh Nuad, Léim an Bhradáin, an Chorrchoill, an Nás, Ráth Iomgháin, An Droichead Nua, Baile Chill Dara, An Currach, Ath I agus Diséart Diarmada. Tá suíomh idirlín dá chuid féin ag gach ceann de na scoileanna sin ar a bhfuil fáil ar an réimse áiseanna agus seirbhísi oideachais atá á dtairiscint iontu.

### **Breisoideachas, Oideachas Aosáigh agus Pobail:**


Cuireann an Coiste réimse cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, Breisoideachais agus Oideachais Aosáigh ar fáil ina chuid ionaid. Cuirtear CG Chontae Chill Dara réimse deiseanna foghlama ar fáil do aosáigh freisin, ina measc Sceim Deiseanna Gairmoilíuna (VTOS), an Tionscnamh Filleadh ar Oideachas (BTEI), Oideachas Pobail, Oideachas Bunúsach agus Bearla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL), chomh maith le réimse leathan ranganna óiche.

Tá an réimse cláracha oideachais agus traenála atá á dtairiscint ag CG Chontae Chill Dara ag dul i méid go leanúnach mar go bhfuil siad tiomanta freastal a dhéanamh ar riachtanais dhaonra Chontae Chill Dara. Is daoine a dhéanann ionadaíocht ar phríomhpháirtithe leasmhara an chontae, mar atá sonraithe san Acht Gairmoideachais (Leasú) 2001, atá ar CG Chontae Chill Dara.


Tá tacáíocht le fáil ina chuid oibre ag an gCoiste ó Bhoird Bhainistíochta gach scoil agus ionad.

Tá tacáíocht le fáil ag an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (PF), atá freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin an Choiste Gairmoideachais, ó struchtúr cuimsitheadh riarcháin i réimsí rithábhachtacha mar airgeadas, acmhainní daonna agus seirbhísí pobail. Tá freagracht fheidhmeannach ag an PF as gach gníomhaíocht de chuid an Choiste Gairmoideachais, a chuid scoileanna agus ionaid san áireamh. Tá Príomhoide gach ceann de na scoileanna sin freagrach as bainistíocht agus reachtáil na scoile ó lá go lá agus tacáíocht le fáil acusan ó Bhoird Bainistíochta na Scoile. Ní chuireann an PF ná an Coiste a ladar isteach i gcurramal bainistíochta go háitiúil muna dtagann rud éigin ar leith chun cinn faoina mbeadh gá le hidirghabháil agus tacáíocht. Tríd na boird Bainistíochta, bíonn an PF agus an Coiste eolach ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag gach scoil.

Ar an gcuma chéanna leis na scoileanna, is ar an PF atá an fhreagracht dheireanach as an gcaoi a n-éiríonn leis na seirbhísí Oideachais Aosaigh agus Breisoideachais. Ag an am céanna glacann Oifigeach Oideachais Aosaigh agus foireann comhordaitheoirí clár freagracht as cúrsaí planála ó lá go lá agus as bainistíú oibríocháin na seirbhísí sin.



# Struchtúr CG Cho. Chill Dara



Is fostóir suntasach é an Coiste a chuireann le leas sóisialta agus eacnamaíochta an chontae. Déanann an Coiste Bainistíú ar bhuiséad tuairim agus €41 milliún, agus é sin le n-áireamh mar phárolla. Idir mhúinteoirí, theagascóirí, riarthóirí agus foireann choimhdeach eile, tá tuairim is 1,100 duine fostaithe ag CG Choiste Chontae Chill Dara.

Déanann an Coiste freastal ar Chontae a bhfuil athrú leanúnach ag teacht agus tagtha air go déimeagráfach agus ó thaobh na socheacnamaíochta. Tá deanta go maith ag an gCoiste agus é ag dul i ngleic leis an timpeallacht athraitheach seo. Tá sin amhlaidh mar go bhfuil solúbthacht ag baint leis an gcaoi a n-aitnítear agus a bhfreagráitear ríachtanais athríocho na bpáirtithe leasmhara, trí dheiseanna oideachais a chur ar fáil atá bunaithe ar phrionsabail an ríachtanais agus an chomhionannais.

Is Coiste Mór Gairmoideachais é CG Chontae Chill Dara, a dhéanann freastal ar dháonra tuairim is 187,000 duine. Cuirtear se réimse leathan seirbhísí oideachais ar fáil a fhreastalaíonn ar ríachtanais an Chontae ó thaobh gairmoideachais agus tréanála. San áireamh ansin tá pobalscoil náisiúnta, 10 gcinn de iarbhunscóileanna, 3 phobalscoil agus seirbhís Oideachais Aosaigh agus Pobail a bhfuil méadú tagtha air d'fhonn freastal a dhéanamh ar ríachtanais an phobail agus is ag dul i méid.

## Struchtúr CG Chontae Chill Dara

Struchtúr

Struchtúr



# Cúlra agus Forbhreathnú

## Bunchuspóir agus Luachanna

### Bunchuspóir agus Luachanna CG Chontae Chill Dara

Bunchuspóir CG Chontae Chill Dara:

“Cuirfidh CG Chontae Chill Dara deiseanna solúbtha oideachais den ardchaitheamh ar fáil do fhoghlaiméoirí. Beidh fáil inár gcláracha ar an eolas agus ar na cleachtais atá ann faoi láthair agus orthu síd atá ag teacht chun cinn agus beidh baint acu le riachtanais an duine donair agus le riachtanais ár gcontae. Beidh cláracha a mbeidh teacht orthu a dtairiscint againn, curtha i láthair ar bhealach gairmiúil, i dtimpeallacht cháirdiúil, thacúil. Cuirfidh muid oideachas ar ár gcuid mícléinn a fhágfaidh go mbeidh siad san ann ag na dúshláin, na freagrachtaí agus ag na róil a bhíonn ar fáil dóibh sa bhreisoideachas, i ngó, in earnáil na tionsclaíochta, sna gairmeacha, san earnáil phoiblí agus sa sochaí. Mar shoidéirí reachtúil oideachais, is é toil Choiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara go mbeadh lámh mhór aige i saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta an chontae agus an réigiúin.”

Luachanna CG Chontae Chill Dara:

Cuirfidh CG Choiste Contae Chill Dara an chuspóir sin i gcrích trí theagasc agus léann den ardchaitheamh a chur ar fáil a mbeidh nualíocht agus solúbthacht ag baint leo. Tá CG Chontae Chill Dara tiomanta do na luachanna seo a leanas a léiriú:

- Tacúil - trí sholáthar a dhéanamh ar ghrúpaí ranga oiríunacha, aire aonair, agus timpeallacht foghlama a thabharfaidh tacaíocht do mhícléinn agus don fhoireann agus iad ar thóir a riachtanais agus a n-aidhmeanna.
- Inroichte - trína chinntiú go bhfuil comhionannas, ilchineálacht agus cuimsitheacht rannpháirtíochta inár gcláracha agus inár ngníomhaíochtaí go léir.
- Cairdiúil - déileáil leis na páirtithe leasmhara ar fad ar bhealach dearfach, freagrúil.
- Gairmiúlacht - ardchaitheamh gairmiúil teagasc, taighde, nuálaíochta, rialachais, bainistíochta acmhainní agus seirbhíse don phobal.
- Abharthacht - a chinntiú go bhfuil ár gcláracha teagasc ag dul le riachtanais earrnálacha na deantúsáíochta, an ghnó agus an phobail, go háirithe soláthar cleachtais léinn den scoth a fhanfaidh leis an mac léinn go deo.

Leagan an doiciméad seo amach Plean Stratéiseach Chúig Bhliana Choiste Ghairmoideachais Chontae Chill Dara (CG) 2011-2016.

Rinne an Coiste ullmhú ar an bPlean tar éis dó próiseas cuimsitheach comhairliúcháin a leanacht i gcomhair le réimse de na páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le CG Chill Dara. Sa phlean déantar tréanarracht freagra a thabhairt ar na dúshláin éagsúla oideachais, riaracháin agus bainistíochta a mbeidh ar an gCoiste aghaidh a thabhairt orthu, seans, as seo go ceann cúig bliana ar a laghad.

Tá sé seo a leanas sa doiciméad:

- CG Chontae Chill Dara, a chúlra agus a sheirbhísí;
- Cur síos ar an gcomhthéacs comhshaoil faoina bhfuil an Coiste ag obair i láthair na huaire agus a theilgíean maidir le forbairt san am atá le teacht.
- Mionchunntas ar na Spriocanna agus ar na hAidhmeanna stratéiseacha a bheidh mar bhunchloch ag forbairt stratéiseach an Choiste idir 2011-2016.

Beidh tacócht ag an bPlean seo ó shraith pleananna oibre. Cuirfear plean bliantúil oibre le chéile roimh agus gach bliain, ina mbeidh míonsonraí faoina bhfuil bearráithe ag an gCoiste i rith na bliana atá le teacht. Fágfaidh ullmhú na pleananna oibre sin go mbeidh monatóireacht, athbhreithniú agus nuashonrú á ndéanamh go rialta ar an bPlean Stratéiseach.

Faoin athstruchtú atá bearráithe ag an Rialtas maidir leis an leagan amach a bheidh ar Choiste Ghairmoideachais, tá sé i gceist Coiste Ghairmoideachais Chontae Chill Dara a chónascadh le Coiste Ghairmoideachais Cho. Cill Mhantáin. Bhí acmhainní agus am go leor caite le ullmhú an phlean 2011-2016, san áireamh ansin grinnstaidéar ar an bPlean deireanach agus mionphleanáil ar an gceann reatha. Mar bhunús ag an bPlean sin bhí mór-phróiseas comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara. Tá an bPlean Oideachais, mar atá sé, infheidhme do chúrsaí agus iad faoi athrú agus tá sé soiléir go mbeidh na páirtithe ar fad atá i gceist leas as mar go bhfágann a sholúbthacht gur feidir é a chónascadh le pleananna Oideachais eile.

Tá muid ag súil go mór leis an gcur chuige comhoibríoch a bheidh againn agus muid ag cur na bprionsabail agus na modheolaíochtaí atá sa doiciméad seo i bhfeidhm, ar bhealach a fhágann go mbainfear na príomhaidhmeanna atá againn amach.

Réamhrá



## Foireann Bhainistíochta

### Príomhoifidí Scoile

Colm O'Connor, Colaiste Chnoc an Phíobaire, An Nás  
 Mary Loneran (Gníomhach), Colaiste Pobail Naomh Conlath, An Droichead Nua  
 Val O'Brien, Iar-Bhunscóil an Churraigh, An Currach  
 Michael Byrnes, Gairmscóil Chill Dara, Cill Dara  
 Paul Murphy (Gníomhach), Ard Scoil Rath Iomgháin, Rath Iomgháin  
 Patricia O'Brien, Iarbunscóil Fhearnaín, An Chorrchoill  
 Johnny Nevin, Iarbunscóil, Maigh Nuad  
 Richard Daly, Colaiste Atha I, Atha I  
 Michael Russell, Colaiste Lorcaín, Disart Diarmada  
 Niall Hare, Colaiste Pobail Cheann Fuait, Léim an Bhradáin  
 Marianne Henry, Scoil Náisiúnta Pobail Chnoc an Phíobaire

### Comhordaitheoirí Breisoideachais

Mary Campbell, Comhordaitheoir VTOS, Atha I  
 Dolores O'Brien, Comhordaitheoir VTOS, Léim an Bhradáin  
 Ray Creighton, Comhordaitheoir VTOS, Droichead Nua  
 Lorraine O'Sullivan, Comhordaitheoir Ogtheagmháil, Léim an Bhradáin  
 Eilíe Reddy, Comhordaitheoir Ogtheagmháil, Atha I  
 Jonathan McNab, Comhordaitheoir Ogtheagmháil, An Nás  
 Angela Doherty, Comhordaitheoir um Threoir  
 Susan Cullinane, Pobail Oideachais Eascatheoir  
 Pat Bennett, Comhordaitheoir Oideachais Bunúsach, Daoine Fásra  
 Mary Faughnan, Comhordaitheoir Oideachais Bunúsach  
 Imelda Carroll, Comhordaitheoir Oideachais Bunúsach


### Foireann Bainistíochta

Seán Ashe, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin  
 Des Murragh, Oifigeach Oideachais Aosach  
 Jayne Hogarty, Príomhoifigeach Cúnta  
 Mary Dillon, Príomhoifigeach Cúnta  
 Ann O'Toole, Oifigeach Riaracháin


### Fochiste Oideachais

Comhairleoir Willie Callaghan  
 Comhairleoir Martin Miley Jr.  
 Comhairleoir Paddy Kennedy  
 Billy Hillis  
 Katie Ridge  
 John McDonagh  
 Ger McDonagh  
 Comhairleoir Ríoghnaigh Bracken  
 Angela Doherty

**Foireann**  
**Bhainistíochta**







### Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara - Baili

- Comhairleoir Paddy Kennedy, Cathaoirleach
- Comhairleoir Mark Wall Leaschathaoirleach
- Comhairleoir Willie Callaghan
- Comhairleoir Martin Miley, Jnr.
- Comhairleoir Francis Browne
- Comhairleoir John McGinley
- Comhairleoir Brendan Weid
- Comhairleoir Michael Nolan
- Comhairleoir Richard Daly
- Comhairleoir Ivan Keatley
- Moya Corry
- Billy Hillis
- Katie Ridge
- Pat McCarthy
- John McDonagh
- Angela Doherty
- Ger McDonagh
- Comhairleoir Aoife Breslin
- Comhairleoir Eimear McDauid
- Comhairleoir Ríoghnaigh Bracken
- Teresa Murray



Uair amháin eile tá áthas orm Plean Oideachais Choiste Ghairmoideachais Chontae Chill Dara a chur i láthair. Faoin bplean seo, leanfar leis an dea-obair a déanadh san am atá cáite agus ag am céanna tuغانn sé faoi na príomhríachtanais a fheiceann muid romhainn. Beidh an phlean seo mar threoir againn agus muid ag forbairt ár seirbhísí oideachais agus á gcur i gcrích go dtíochtáidh an bhliain 2016.

Thug ár bhfoireann agus ár bpáirtithe tacaíocht agus comhoibriú ollmhór do na spríocanna agus do na haidhmeanna a leagadh amach sa Phlean Stáiteiseach 5 bhliana (2006-2011) a bhí againn roimhe seo. I bpáirt leo sin rinne muid an-dul chun cinn sa treimhse sin. Is é an rún atá againn go ndéanfáidh a bhfuil leagtha amach sa phlean seo cur leis sin idir 2011 agus 2016.

Tá deacrachtaí móra ag baint leis an am ina mairéann muid agus is dúshlán d'ár gcumas a bheith éifeachtúil, nuálach agus muid ag déanamh bainistíochta ar ár gcuid acmhainní. Bainfidh ár bpríomhchúram i gconal le leas ár bhfoghlaiméoirí, ár bhfoireann agus ár bpáirtithe. Gan a dtacaíocht, ní bheadh oiread ratha orainn go dtí seo agus a bhí agus ar an dul céanna beidh baint dhírreach idir an dul chun cinn a dhéanfáidh muid san am atá le theacht agus a rannpháirtíocht agus a gcomhoibriú síd. Rinne muid ár ndícheall ariamh polasat a bheith againn go mbeadh muid bainteach le gach áicme d'ár sochaí agus tá rún againn cíoí leis sin agus athrú ag teacht ar dhaoine Chontae Chill Dara ó thaobh meid agus ilchineálachta. Ghlac muid próiseas foirte orainn féin faoina ndeachaigh muid i gcomhairle leis na príomh-pháirtithe leasmhara ag gach céim den phlean agus creideann muid gur léargas ar dhearcadh iomlán na heagraíochta iad na spríocanna agus na haidhmeanna atá ann.

Tá sainníthint deanta againn ar réimse leathan limistéir ar a mbeidh muid ag diríú san am atá le teacht.

Tá na spríocanna agus na tascanna sin go ginearálta bunaithe ar:

- A bheith ar fáil don phobal ar fad agus a bheith uilleghabhálach i réigiún ina bhfuil an ilchineálacht ag dul i dtreise.
- Leanacht de thacaíocht a bheith ar fáil don fhoireann, an tréanail agus an teicneolaíocht is deirreanaí a chur ar fáil dóibh agus a dtuarimí a bhailiú go ríata.
- A chinntiú go bhfuil an cáighdeán is airde freagrachta, foliastachta agus rialachais san eagraíocht fré chéile.


Is í aithm Choiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara forbairt a dhéanamh ní amháin ar an infreastruchtur, ach freisin ar na daoine agus ar na córais a bhfuil baint acu leis an rath agus leis an bhforas leanúnach atá orainn. Is bun aithm de chuid an Choiste a theacht ar an bpróiseas ceart. Beidh fáilte i gconal roimh aiseolas agus ionchur ó na páirtithe leasmhara ar fad.

Tá mé muinteach go leanfaidh an ráth a bhí orainn san am atá cáite ar aghaidh de bharr an Phlean Stráitéiseach 5 Bhliana (2011-2016). Is sionbál é de na hathraithe atá tagtha inár dtimpeall agus tá sé oiriúnaitheach agus réamhghníomhach chun sochar a bhaint as na hathruithe sin. Is onóir agus príbhleid a bheith i gceannas ar an iarracht na tascanna seo a chur i gcrích agus cur le oideachas agus leis an saol i gContae Chill Dara.

**Sean Ashe**

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara





Mar Chathaoirleach ar Choiste Ghairmoideachais Chontae Chill Dara, tá áthas orm Plean Stratéiseach Oideachais Choiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara 2011 - 2016 a chur os bhur gcomhair. Bhí forbairt an phlean 5 bhliana seo mar phríomhchúram ag an gCoiste, agus iad ag díriú ar bhealach réadúil chun freastal uillechumistheach a dhéanamh ar dhaoirleach ar gcontae.

Tá dúshlán mhóra le sárú ag ár dtír agus ag an sochaí ina maireann muid, iad beirt ag fabhrú go mear. Tréimhse rithbhachtach atá inti agus muid ag déanamh ath-chaipitilí agus ath-bhunú ar na luachanna a bhí mar bhunchloch ar an rath a bhí orainn leis na blianta. Tá ról lárnach ag an oideachas agus tógáil á dhéanamh ar bhunsráth a mhairfidh agus a chinnfeoidh go n-éireoidh linn san am le teacht Tuigean an Coiste chomh tábhachtach agus atá sé a bheith fadhbreatnaíoch agus iad ag feachaint chun cin, ach ag an am céanna a chinntiú nach ndéantar falltú ar aon bhall den tsochaí, is í an spríoc atá againn sa Plean Stratéiseach seo go mbeadh an rath orainn de bharr ár mbunluachanna agus de bharr na nuálaíochta.

Rinne Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara a dhícheall i gconal tacalocht chomhoibríoch a thabhairt do na páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le forbairt na heagraíochta agus an phobail agus tá tosaiocht tugtha dó sin sa phlean seo.

Tugann an dúshlán deiseanna móra leis. Tá an-riméad orm an phlean seo a chur i láthair agus creidim go bhfuil fáil ann ar an spiorad agus ar an bhfealsúnacht a bhaineann le aithmeanna agus spríocanna Choiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara. Thar seinn an Choiste, tá mé muintiníoch go mbeidh na haidhmeanna agus na spríocanna sin bainte amach againn faoin am a dtiocfaíodh an bhliain 2016.

## An Comhairleoir Paddy Kennedy

Cathaoirleach Choiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara  
Meitheamh 2011

31	Scoilleana agus Lárionaid Oideachais Choiste Ghairmoideachais Chontae Chill Dara
31	Aguisín
30	Conclúidí
30	Príomhthosca an Phlean seo
29	Spríoc 8: Cumarsáid
28	Spríoc 7: Luachanna Roinnte
27	Spríoc 6: Stíl
26	Spríoc 5: Scileanna
25	Spríoc 4: Fóireann
24	Spríoc 3: Córais
23	Spríoc 2: Struchtúir
22	Spríoc 1: Stratéis Oideachais
20	Spríocanna agus Aidhmeanna
20	Spríocanna, Aidhmeanna Stratéiseacha & Gníomhaíochtaí
17	Aois, Oideachas agus Fostaíocht i gContae Chill Dara
16	Proifíl Déimeagrafach Chontae Chill Dara
16	Contae Chill Dara i gcomhthéacs
15	Aontas, Rannpháirtíocht agus Comhaontú an Phlean
14	An Próiseas a húsáideadh i bhForbairt an Phlean Oideachais seo
14	Ullmhú agus Modheolaíocht an Phlean
12	Seirbhísí atá ar fáil ó Choiste Ghairmoideachais Chontae Chill Dara
9	Struchtúr Choiste Ghairmoideachais Chontae Chill Dara
8	Bunchnuspóir agus Luachanna Choiste Ghairmoideachais Chontae Chill Dara
8	Cúlra agus Leargas Ginearálta an Phlean Oideachais
7	Réamhrá
5	Foireann Bainistíochta Choiste Ghairmoideachais Chontae Chill Dara
4	Baill Choiste Ghairmoideachais Chontae Chill Dara
3	Réamhrá ón bPríomh - Oifigeach Feidhmiúcháin
2	Focal ón gCathaoirleach
	Leathanach

**Clár Abhair**

